Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2008

# AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

# TÍREOLAÍOCHT

## ARDLEIBHÉAL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2008

# AISTRIÚCHÁN
# AR SCÉIM MHARCÁLA

# TÍREOLAÍOCHT

# ARDLEIBHÉAL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2008

# AISTRIÚCHÁN
# AR SCÉIM MHARCÁLA

# TÍREOLAÍOCHT

# ARDLEIBHÉAL

## CUID A hAON: CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 80 MARC

Freagair **DEICH** gceist

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

10 gcinn ar bith de na ceisteanna @ 8 mharc an ceann

| | |
|---|---|
| Gach ceist ar 4 chuid: | 2 mharc an ceann (2m + 2m + 2m + 2m) |
| Gach ceist ar 3 chuid: | 2 mharc + 2 mharc + 4 mharc |
| Gach ceist ar 2 chuid: | 4 mharc + 4 mharc |
| Gach ceist ar chuid amháin: | 8 mharc |

- Ná déantar grádú / scálú ar mharcanna

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA AGUS AISTE – 320 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **CHEITHRE** cheist, mar seo a leanas:

- **Dhá** cheist as **Roinn 1**
- Ceist **amháin** as **Roinn 2**
- Ceist **amháin** as **Roinn 3**

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR***

## ROINN 1 – AN CROÍCHÚRSA

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

**CEIST AMHÁIN** as **Pátrúin agus Próisis sa Timpeallacht Fhisiceach**

**AGUS**

**CEIST AMHÁIN** as **Tíreolaíocht Réigiúnach**

**PÁTRÚIN AGUS PRÓISIS SA TIMPEALLACHT FHISICEACH**

Freagair ceist **AMHÁIN**

**Ceist 1**

## A. LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS

Scrúdaigh an sliocht de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis atá in éineacht leis an bpáipéar seo.
Agus úsáid á baint agat as **grafpháipéar**, tarraing sracléarscáil atá **ar leathscála** an achair léirítear. Ar an sracléarscáil sin, taispeáin agus ainmnigh **gach ceann** díobh seo a leanas:

- Abhainn na Gaillimhe (na Coiribe)
- Rúidbhealach aerfoirt
- Ceantar sioltaidh / carnán láibe
- Bealach farantóireachta farraige

**[20m]**

Comhréir: 2 mharc
Grafpháipéar: 2 mharc
4 ghné @ 4 mharc an ceann (Léirithe 2 mharc grádaithe, Ainmnithe 2 mharc)

- Tá an scála ceart agus an cósta a thaispeáint ag baint leis an gcomhréir
- Is í an mhéid a éilíodh 12cm x 9cm [Ceadaítear míréir suas le $\frac{1}{2}$cm]
- Sa chás gur rianú a dhéantar den tsracléarscáil nó gur cuid den léarscáil a tharraingítear, cailltear 2 mharc maidir leis an gcomhréir

## B. FORBAIRT TÍRGHNÉITHE

Le cabhair léaráide nó léaráidí lipéadaithe, scrúdaigh na próisis ba chúis le múnlú tírghné **amháin** ar bith de do rogha.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tírghné shonraithe: | 2 mharc |
| Próiseas ainmnithe amháin: | 2 mharc |
| Sampla as Éirinn: | 2 mharc |
| Léaráid lipéadaithe: | 4 mharc grádaithe |
| Scrúdú: | 10 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as PSÁ amháin i gcás léaráide gan aon nótáil
- Tugtar creidiúint as lipéadú breise sa léaráid as PSÁ an Scrúdaithe
- Is cuma gné <u>nó</u> próiseas mar phointe tosaigh
- Mura dtugtar ach amháin cur síos – 5 x PSÁ ar a mhéid

***PSÁ = Pointe Suntasach Ábhartha***

## C. IDIRGHNÍOMHAÍOCHT DHAONNA

Agus tagairt agat do shampla a bhfuil staidéar déanta agat air, déan cur síos agus tabhair míniú ar bhealach **amháin** ina ndéanann daoine iarracht tionchar a imirt nó smacht a chur ar phróisis nádúrtha. Déan tagairt i do fhreagra do cheann **amháin** díobh seo a leanas:

- Próisis abhann
- Próisis mhuirí
- Ollghluaiseacht


**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tionchar / smacht a shonrú: | 2 mharc |
| Sampla ainmnithe: | 2 mharc |
| Tagairt do phróisis nádúrtha: | 2 mharc |
| Plé: | 12 x PSÁ |

- Plé amháin gan ceangal le tionchar / smacht a shonrú - uasteorainn 6 x PSÁ
- Creidiúint as an dara sampla sa phlé
- Samplaí nach mbaineann le hÉirinn
- Tugtar le chéile an plé ar fad a bhaineann le hábhar

**Ceist 2**

## A. LEATHADH GRINNEALL NA FARRAIGE




www.discoverourearth.org

Scrúdaigh an léaráid seo. Freagair na ceisteanna seo a leanas i do fhreagarleabhar:

(i) Ainmnigh ciseal inmheánach an Domhain a bhfuil an lipéad **X** air.
(ii) Ainmnigh na próisis inmheánacha atá léirithe ag na saighde ag **Y**.
(iii) Ainmnigh iomaire lár-aigéin **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.
(iv) Ainmnigh an cineál teorainn phlátaí atá léirithe ag **Z**.

**[20m]**

Ceithre chuid @ 5 mharc an ceann

## B. BOLCÁNACHAS

Mínigh conas a chuidigh staidéar ar theicteonaic phlátaí linn chun dáileadh domhanda bolcán a thuiscint.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Samplaí ar fud an domhain: | 2 mharc + 2 mharc |
| Scrúdú ar Theicteonaic Phlátaí: | 13 x PSÁ |

- An scrúdú ar fad á dhéanamh ar theicteonaic phlátaí amháin – 6 x PSÁ ar a mhéid
- Tugtar creidiúint as léaráidí a bhaineann le hábhar, suas go dtí 2 x PSÁ ar a mhéid agus tugtar creidiúint as eolas breise atá nótáilte ar léaráidí
- Ní thugtar creidiúint ar bith as cur síos ar thionchar bolcán

## C. TÍRDHREACHA CARST

Agus tagairt agat don tírdhreach Éireannach, scrúdaigh na próisis a d'oibrigh tionchar ar fhorbairt **tírghné** ar bith i réigiún carst.


**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tírghné a sonraíodh | 2 mharc |
| Próisis a ainmníodh: | 2 mharc |
| Sampla maidir le hÉirinn: | 2 mharc |
| Plé: | 12 x PSÁ |

- Gan ann ach cur síos - uasteorainn 6 x PSÁ
- Tugtar creidiúint as léaráidí a ngabhann nótaí leo suas le 2 x PSÁ
- Is cuma gné <u>nó</u> próiseas mar phointe tosaigh

# Ceist 3

## A. CINEÁLACHA CARRAIGE





www.gsi.ie




www.geographypages.co.uk




http://ehrenfest.anu.edu.au




©amc

Scrúdaigh na híomhánna seo a léiríonn tírdhreacha a forbraíodh ar **cheithre** chineál dhifriúla carraige. I do fhreagarleabhar meaitseáil **gach ceann** de na cineálacha carraige thíos leis an íomhá cheart lipéadaithe thuas:

**Eibhear** **Basalt** **Aolchloch** **Grianchloichít**

**[20m]**

Ceithre fhreagra @ 5 mharc an ceann

- Ná déantar grádú / scálú ar mharcanna.

## B. CINEÁLACHA CARRAIGE AGUS TÍRDHREACH

Agus tagairt agat do shampla a bhfuil staidéar déanta agat air, scrúdaigh múnlú cineál **amháin** carraige agus conas a mhúnlaíonn sé tírdhreach sainiúil.

**[30m]**

Ní mór don iarrthóir cineál carraige a roghnú agus

(i) Scrúdú a dhéanamh ar mhúnlú na carraige le haghaidh 14 (16) mharc

(ii) Scrúdú a dhéanamh ar an mbealach a múnlaítear tírdhreach sainiúil dá bharr le haghaidh 16 (14) mharc

| **Múnlú carraige**: | | **Tírdhreach sainiúil**: | |
|---|---|---|---|
| Ainmniú: | 2 mharc | Ainmniú: | 2 mharc |
| Sampla ainmnithe: | 2 mharc | Sampla ainmnithe: | 2 mharc |
| Scrúdú: | 5 (6) x PSÁ | Scrúdú: | 6 (5) x PSÁ |

- Ní mór don scrúdú ar thírdhreach sainiúil leanúint ó mhúnlú na carraige
- Tugtar creidiúint as léaráidí lipéadaithe a bhaineann le hábhar - uasteorainn 2 x PSÁ
- Níl an cheist ceangailte le hÉirinn

## C. CREATHANNA TALÚN

Agus tagairt agat d'fhíorshampla, scrúdaigh tomhas agus iarmhairtí creathanna talún.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tomhas Luaite: | 2 mharc |
| Iarmhairtí Ainmnithe: | 2 + 2 mharc |
| Samplaí Ainmnithe: | 2 + 2 mharc |
| Plé: | 10 x PSÁ (5 x PSÁ do chuile gné) |

| TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH |
|---|
| Freagair ceist **AMHÁIN** |

**Ceist 4**

## A. RÉIGIÚIN IN ÉIRINN

Tarraing léarscáil imchrutha (imlíne) d'Éirinn i do fhreagarleabhar. Taispeáin agus ainmnigh iad seo a leanas ar an léarscáil sin:

(i) Réigiún **amháin** ar bith in Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat air.
(ii) Mórionad uirbeach **amháin** sa réigiún.
(iii) Mórbhealach **amháin** sa réigiún.
(iv) Mórghné **amháin** de thírdhreach fisiceach an réigiúin.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Léarscáil imchrutha: | 4 mharc grádaithe |
| Réigiún a thaispeáint agus a ainmniú: | 2 mharc grádaithe + 2 mharc |
| Mórionad uirbeach a thaispeáint agus a ainmniú: | 2 mharc grádaithe + 2 mharc |
| Mórbhealach a thaispeáint agus a ainmniú: | 2 mharc grádaithe + 2 mharc |
| Mórghné den tírdhreach fisiceach a thaispeáint agus a ainmniú: | 2 mharc grádaithe + 2 mharc |

## B. GNÍOMHAÍOCHTAÍ EACNAMAÍOCHA

Scrúdaigh na tosca a oibríonn tionchar ar fhorbairt gníomhaíochta eacnamaíche **amháin** i réigiún **Eorpach [neamh-Éireannach]** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Gníomhaíocht Eacnamaíchta | 2 mharc |
| Dhá thoisc a ainmniú: | 2 mharc + 2 mharc |
| Réigiún a ainmniú: | 2 mharc |
| Scrúdú: | 12 x PSÁ |

- Ná glactar le réigiúin in Éirinn ná le Réigiúin Ilchríochacha/Fo-ilchríochacha.
- Plé gan ceangal le réigiún oiriúnach = 0 mharc
- Cur síos amháin – uasteorainn 5 x PSÁ.
- Tugtar creidiúint as samplaí - uasteorainn 2 x PSÁ.

## C. RÉIGIÚIN UIRBEACHA

Déan cur síos agus tabhair míniú ar mhórlimistéar uirbeach **amháin** i **Réigiún Ilchríochach/Fo-Ilchríochach** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Réigiún ainmnithe: | 2 mharc |
| Mórlimistéar Uirbeach ainmnithe | 2 mharc |
| Scrúdú: | 13 x PSÁ |

- Ná glactar le réigiúin de chuid na hÉireann ná na hEorpa
- Plé gan ceangal le réigiúin oiriúnach = 0 mharc
- Gan ann ach cur síos / míniú – uasteorainn 6 x PSÁ

**Ceist 5**

## A. FUINNEAMH

**Ídiú fuinnimh per capita sna 25 ballstát AE sa bhliain 2004 [% den iomlán]**

| Foinse Fuinnimh | % den Ídiú Iomlán |
|---|---|
| **Fuinneamh In-athnuaite** | **6%** |
| **Fuinneamh Núicléach** | **15%** |
| **Breoslaí Soladacha** | **18%** |
| **Gás** | **24%** |
| **Ola** | **37%** |

Scrúdaigh na sonraí sa tábla thuas a léiríonn an céatadán den fhuinneamh iomlán de réir foinse a ídíodh sna 25 ballstát AE sa bhliain 2004.
Agus **grafpháipéar** á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

**[20m]**

| | **Barra-chairt** | **Píchairt** |
|---|---|---|
| Teideal: | 2 mharc | 2 mharc |
| Grafpháipéar a úsáid: | 2 mharc | 2 mharc |
| Scála ar an ais: | 2 mharc | 2 mharc (Ciorcal & Lárnaithe) |
| 5 ní a léiriú: | 2 mharc grádaithe an ceann | 2 mharc grádaithe an ceann |
| Cur i láthair ginearálta: | 4 mharc grádaithe | 4 mharc grádaithe |

- Glactar le barra-chairt / histeagram / scaipghraf / píchairt / dronuilleog roinnte etc.
- Treoghraf = Tugtar creidiúint as an Teideal, Grafpháipéar a úsáid agus Scála ar an ais amháin.
- Ní leor cineál na cairte a ainmniú leis na marcanna don teideal a ghnóthú.

## B. GNÍOMHAÍOCHTAÍ TREASACHA

Scrúdaigh forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha treasacha **i réigiún in Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Réigiún ainmnithe: | 2 mharc |
| Dhá ghníomhaíocht threasacha ainmnithe: | 2 mharc + 2 mharc |
| Scrúdú: | 12 x PSÁ |

- Ná glactar le réigiúin Eorpacha ná Ilchríochach/Fo-Ilchríochach
- Ná glactar le hÉirinn (ina hiomláine) mar réigiún
- Plé gan ceangal le réigiúin oiriúnach = 0 mharc

## C. CULTÚR

Déan cur síos agus tabhair míniú ar thábhacht an chultúir chun réigiúin a shainiú **i Réigiún Ilchríochach/Fo-Ilchríochach** a bhfuil staidéar déanta agat air.

[30m]

| | |
|---|---|
| Gné den chultúr sonraithe: | 2 mharc |
| An réigiún ainmnithe: | 2 mharc |
| Scrúdú: | 13 x PSÁ |

- Gan ann ach cur síos / míniú – uasteorainn 6 x PSÁ
- Plé gan ceangal le réigiúin oiriúnach = 0 mharc
- Is féidir creidiúint a thabhairt as gnéithe eile den chultúr as na PSÁ

**Ceist 6**

## A. RÉIGIÚIN NEAMH-ÉIREANNACHA

Tarraing léarscáil imchrutha de **réigiún Eorpach [neamh-Éireannach]** NÓ **de Réigiún Ilchríochach/Fo-Ilchríochach** i do fhreagarleabhar.
Ar an léarscáil sin taispeáin agus ainmnigh iad seo a leanas:

(i) **Dhá** ghné fhisiceacha ar bith sa réigiún
(ii) **Dhá** mhórionad uirbeacha ar bith sa réigiún.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Léarscáil imchrutha den réigiún a thaispeáint agus a ainmniú: | 2 mharc grádaithe + 2 mharc |
| Gnéithe fisiceacha a thaispeáint agus a ainmniú: | 2 x (2 mharc grádaithe + 2 mharc) |
| Mórionaid uirbeacha a thaispeáint agus a ainmniú: | 2 x (2 mharc grádaithe + 2 mharc) |

- Ná glactar le tír san Eoraip mar réigiún.
- Glactar le tír mar réigiún i Réigiún Ilchríochach/Fo-Ilchríochach.

## B. Éire

Scrúdaigh forbairt gníomhaíochtaí príomhúla eacnamaíocha **i réigiún in Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Réigiún ainmnithe: | 2 mharc |
| Dhá ghníomhaíocht ainmnithe: | 2 mharc + 2 mharc |
| Scrúdú: | 12 x PSÁ |

- Ná glactar le réigiúin Eorpacha ná Ilchríochacha/Fo-ilchríochacha
- Plé gan ceangal le réigiúin oiriúnach = 0 mharc
- Is féidir creidiúint a thabhairt as suas le dhá shampla ó na PSÁ
- Gan ann ach amháin cur síos – uasteorainn 6 x PSÁ

## C. LEATHNÚ AN AONTAIS EORPAIGH

Scrúdaigh tionchar eacnamaíoch agus/nó cultúrtha an leathnaithe **ar bhallstát amháin ar bith den AE.**

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tionchar sonraithe: | 2 mharc |
| Sampla Ainmnithe: | 2 mharc |
| Scrúdú: | 13 x PSÁ |

- Plé gan ceangal le réigiúin oiriúnach = 0 mharc
- Plé gan ceangal le leathnaithe an AE – uasteorainn 6 x PSÁ
- Gan ann ach plé ar an AE – uasteorainn 7 x PSÁ
- Is féidir creidiúint a thabhairt as tionchair eile maidir leis an PSÁ

***ROINN 2 - ROGHANNA***

Ní mór duit tabhairt faoi aon cheist **AMHÁIN**

**as**

- **Pátrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Eacnamaíocha**

NÓ

- **Pátrúin agus Próisis sa Timpeallacht Dhaonna**

**Pátrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Eacnamaíocha**

Freagair ceist **AMHÁIN**

## Ceist 7

### A. RÁTAÍ DÍFHOSTAÍOCHTA AE – IÚIL 2007

| | |
|---|---|
| **Éire** | **4.7%** |
| **An Ghearmáin** | **6.4%** |
| **An Ríocht Aontaithe** | **5.3%** |
| **An Pholainn** | **9.7%** |
| **An Fhrainc** | **8.5%** |

Scrúdaigh na sonraí sa tábla thuas a léiríonn an ráta dífhostaíochta i dtíortha roghnaithe den Aontas Eorpach i mí Iúil 2007.
Agus **grafpháipéar** á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí a léiriú.

**[20m]**

| | **Barra-chairt / Histeagram** |
|---|---|
| Teideal: | 2 mharc |
| Grafpháipéar a úsáid: | 2 mharc |
| Scála ar an ais: | 2 mharc |
| 5 ní a léiriú: | 2 mharc grádaithe an ceann |
| Cur i láthair ginearálta: | 4 mharc grádaithe |

- Glactar le barra-chairt / histeagram.
- Cineál ar bith eile graif: Tugtar creidiúint as an Teideal, Grafpháipéar a úsáid agus Scála ar an ais amháin.
- Ní leor cineál na cairte a ainmniú leis na marcanna don teideal a ghnóthú.

## B. SLIOCHT ÓN tSUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS

Déan staidéar ar an sliocht 1:50000 ón tSuirbhéireacht Ordanáis atá in éineacht leis an bpáipéar seo.
Bain úsáid as fianaise ón léarscáil mar thaca le do fhreagra agus mínigh **trí** chúis gur fhorbair Gaillimh mar ionad eacnamaíoch atá ag fás.

**[30m]**

3 chúis @ 10 marc an ceann:

| | |
|---|---|
| Cúis sonraithe: | 2 mharc |
| Modh tagartha don léarscáil: | 2 mharc |
| Scrúdú: | 3 x PSÁ |

- Ní mór an scrúdú a bheith bunaithe ar mhíniú a bhaineann le hábhar seachas ar aon tagairt bhreise don léarscáil
- Sa chás gur bunaithe ar an aerfótagraf atá an freagra, ná ceadaítear marcanna ach amháin i leith shonrú na gníomhaíochta
- Glactar le gné ar bith a bhaineann le hábhar maidir leis an bhfás

## C. GEILLEAGAIR ATÁ AG FORBAIRT

Scrúdaigh an tionchar a oibríonn coilíniú ar gheilleagar atá i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air agus ar an gcoigeartú (na hathruithe) a dhéanann sé i ngeall ar dhomhandú.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tionchar sonraithe: | 2 mharc |
| Geilleagar ainmnithe atá i mbéal forbartha: | 2 mharc |
| Scrúdú: | 13 x PSÁ |

- Plé gan tagairt don choilíniú / dul in oiriúint don domhandú – uasteorainn 6 x PSÁ.
- Plé gan tagairt do gheilleagar ainmnithe atá i mbéal forbartha – uasteorainn 6 x PSÁ.

**Ceist 8**

## A. AERFÓTAGRAF

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de chuid de Ghaillimh atá in éineacht leis an bpáipéar seo. Agus úsáid á baint agat as **grafpháipéar**, tarraing sracléarscáil ar **leathscála** den limistéar. Taispeáin ar an léarscáil sin agus marcáil sampla amháin de gach ceann de na talamhúsáidí seo a leanas:

- Oideachas
- Tionscal
- Reiligiún
- Carrchlós

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Imlíne: | 4 mharc grádaithe. |
| Gach ceann de na talamhúsáidí: | 4 x (Léirithe 2 mharc grádaithe, Ainmnithe 2 mharc) |

## B. CUIDEACHTAÍ ILNÁISIÚNTA

Agus tagairt agat do chuideachta ilnáisiúnta **amháin** (CIL) a bhfuil staidéar déanta agat uirthi, scrúdaigh conas a imríonn tosca domhanda tionchar ar a cúrsaí dáiliúcháin.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| CIL a ainmniú: | 2 mharc |
| Dhá thoisc dhomhanda a ainmniú: | 2 mharc + 2 mharc |
| Scrúdú: | 12 x PSÁ |

- Plé gan ceangal le CIL ainmnithe – uasteorainn 6 x PSÁ.
- Plé gan aon tagairt shoiléir do thréith na domhandachta – uasteorainn 6 x PSÁ.

## C. FORBAIRT INBHUANAITHE

Scrúdaigh, agus tagairt agat do shampla/shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu, an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go mbíonn forbairt inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Gné shonraithe: | 2 mharc |
| Sampla Ainmnithe: | 2 mharc |
| Scrúdú: | 13 x PSÁ |

- Scrúdú ginearálta gan tagairt don inbhuanaitheacht – uasteorainn 6 x PSÁ.
- Léirthuiscint leathan maidir le 'forbairt'.

**Ceist 9**

## A. TOSCA EACNAMAÍOCHA

| | Tír A | Tír B |
|---|---|---|
| **Príomhúil** | **6%** | **45%** |
| **Tánaisteach** | **24%** | **30%** |
| **Treasach** | **70%** | **25%** |

Scrúdaigh na sonraí sa tábla seo. Agus úsáid á baint agat as **grafpháipéar**, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí a léiriú.

**[20m]**

| | Barra-chairt | Píchairt |
|---|---|---|
| Teideal: | 2 mharc | 2 mharc |
| Grafpháipéar a úsáid: | 2 mharc | 2 mharc |
| Scála ar an ais: | 2 mharc | 2 mharc (Ciorcal & Lárnaithe) |
| 6 ní a léiriú: | 2 mharc grádaithe an ceann | 2 mharc grádaithe an ceann |
| Cur i láthair ginearálta: | 2 mharc grádaithe | 2 mharc grádaithe |

- Glactar le barra-chairt / histeagram / píchairt / dronuilleog roinnte etc.
- Glactar le gach cineál graif ach ní mór dhá phíchairt a chur i láthair le lánmharcanna a ghnóthú
- Treoghraf / Scaipghraf: Tugtar creidiúint as an Teideal, Grafpháipéar a úsáid agus Scála ar an ais amháin.
- Ní leor cineál na cairte a ainmniú leis na marcanna don teideal a ghnóthú.

## B. BEARTAIS DE CHUID AN AONTAIS EORPAIGH

Déan scrúdú ar **shampla amháin** de conas a d'oibrigh beartais (polasaithe) de chuid an Aontais Eorpaigh tionchar ar fhorbairt eacnamaíoch na hÉireann.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| An ní a raibh tionchar air ainmnithe: | 2 mharc |
| Beartas ainmnithe: | 2 mharc |
| Scrúdú: | 13 x PSÁ |

- Plé gan ceangal le geilleagar na hÉireann – uasteorainn 6 x PSÁ.
- Déantar cónascadh idir na pointí tráchtaireachta ar fad a bhaineann le hábhar.
- Glactar le dearcadh i bhfabhar agus i gcoinne pointí sa phlé.
- Tugtar creidiúint as beartais eile a ainmniú suas le huasteorainn 2 x PSÁ.

## C. ÍDIÚ FUINNIMH DHOMHANDA

Scrúdaigh an tábhacht don gheilleagar **agus** don timpeallacht a bhaineann le mórthreochtaí reatha in ídiú fuinnimh dhomhanda.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Mórthreocht ainmnithe: | 2 mharc |
| An tábhacht don gheilleagar sonraithe: | 2 mharc |
| An tábhacht don timpeallacht sonraithe: | 2 mharc |
| Scrúdú: | 12 x PSÁ |


- Gan ach plé ar thaobh amháin den argóint – uasteorainn 6 x PSÁ.

**PÁTRÚIN AGUS PRÓISIS SA TIMPEALLACHT DHAONNA**

Freagair ceist **AMHÁIN**

**Ceist 10**

## A. FÁS AR DHAONRA AN DOMHAIN




Scrúdaigh an graf seo d'fhás daonra an domhain.
De réir an ghraif seo:

(i) Cén daonra iomlán a bhí ar domhan sa bhliain 2000?
(ii) Tuairim is cén daonra a bheidh ann sa bhliain 2050?
(iii) Déan cur síos go hachomair ar na treochtaí difriúla atá léirithe do na tíortha forbartha agus do na tíortha tearcfhorbartha (a) suas go dtí an lá inniu agus (b) sa todhchaí.

**[20m]**

Ceithre chuid @ 5 mharc an ceann:

Cuid (i) = 5 mharc
Cuid (ii) = 5 mharc
Cuid (iii) (a) = 5 mharc & (b) = 5 mharc

## B. FEIDHMEANNA UIRBEACHA

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de chuid de Ghaillimh atá in éineacht leis an bpáipéar seo. Scrúdaigh **trí** fheidhm ar bith de chuid na cathrach, agus úsáid á baint agat as fianaise ón bhfótagraf mar thaca le do fhreagra.

**[30m]**

3 fheidhm @ 10 marc an ceann

| | |
|---|---|
| Feidhm ainmnithe: | 2 mharc |
| Tagairt don fhótagraf: | 2 mharc |
| Scrúdú: | 3 x PSÁ |

- Ní mór an scrúdú a bheith bunaithe ar mhíniú a bhaineann le hábhar seachas ar thagairt bhreise don fhótagraf arís.
- Freagra bunaithe ar an Aerfótagraf.
- Sa chás go dtugtar freagra bunaithe ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, ceadaítear marcanna d'ainmniú na feidhme agus dó sin amháin.

## C. DLÚS AGUS DÁILEADH DAONRA

Bain úsáid as samplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu agus déan cur síos agus tabhair míniú ar an difríocht idir na téarmaí **dlús daonra** agus **dáileadh daonra.**

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Míniú ar na téarmaí: | 2 mharc + 2 mharc |
| Dhá shampla ainmnithe: | 2 mharc + 2 mharc |
| Míniúchán: | 11 x PSÁ |

- Sa chás nach ndéantar tagairt sa mhíniú ach d'aon téarma amháin – uasteorainn 5 x PSÁ.

**Ceist 11**

## A. AERFÓTAGRAF

Déan scrúdú ar an aerfótagraf de chuid den Ghaillimh atá in éineacht leis an bpáipéar seo. Agus úsáid á baint agat as **grafpháipéar**, tarraing sracléarscáil ar **leathscála** den limistéar. Ar an léarscáil sin taispeáin agus ainmnigh iad seo a leanas:


- Séipéal mór
- Limistéar d'fhoirgnimh ard-éirí
- Limistéar fóillíochta (caitheamh aimsire) bunaithe ar uisce
- Sampla de mharcáil sráide do rialú tráchta

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Imlíne: | 4 mharc grádaithe. |
| Gach gné faoi leith: | 4 x (Léirithe 2 mharc grádaithe, Ainmnithe 2 mharc) |

## B. TALAMHÚSÁID SHAORGA - 1990 GO 2000

*Méadú ar Chlúdach Saorga Talún 1990 – 2000 (Foinse: EPA/EEA)*




Déan staidéar ar an ngraf seo a léiríonn an méadú bliantúil ar chlúdach saorga talún in Éirinn 1990 – 2000.
Agus úsáid á baint agat as samplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu, déan cur síos agus tabhair míniú ar **dhá** bhealach ina bhfuil tírdhreach na hÉireann á athrú ag gníomhaíochtaí daonna.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Dhá bhealach / athrú sonraithe: | 2 mharc + 2 mharc |
| Dhá shampla ainmnithe: | 2 mharc + 2 mharc |
| Cur síos / Míniú: | 11 x PSÁ |

- Gan cur síos ach ar bhealach amháin – uasteorainn 6 x PSÁ
- Tugtar creidiúint as tagairt don chairt le huasteorainn 2 x PSÁ

## C. IMIRCE

Scrúdaigh toradh féideartha dearfach **amháin** agus toradh féideartha diúltach **amháin** a bhaineann le himirce dhaonna.

**[30m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Toradh dearfach sonraithe: | 2 mharc | Toradh diúltach sonraithe: | 2 mharc |
| Scrúdú: | 6 (7) x PSÁ | Scrúdú: | 6 (7) x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as samplaí mar chuid den phlé – uasteorainn 2 x PSÁ

Ceist 12

## A. DAONRA

Scrúdaigh an tábla de chéatadáin thíos, a léiríonn daonra na hÉireann sa bhliain 2006 aicmithe de réir aoise agus gnéis.

***Daonra na hÉireann de Réir Aoise agus Gnéis 2006***


| Aoisghrúpa | % Fireann | % Baineann |
|---|---|---|
| 0-14 | 21% | 20% |
| 15-24 | 15% | 15% |
| 25-44 | 32% | 31% |
| 45-64 | 22% | 22% |
| 65 + | 10% | 12% |
| **Iomlán** | **100%** | **100%** |

Agus úsáid á baint agat as **grafpháipéar**, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.
**[20m]**

| | <u>**Barra-chairt**</u> | <u>**Píchairt**</u> |
|---|---|---|
| Teideal: | 2 mharc | 2 mharc |
| Grafpháipéar a úsáid: | 2 mharc | 2 mharc |
| Scála ar an ais: | 2 mharc | 2 mharc (Ciorcal & Lárnaithe) |
| 5 ní a léiriú: | 2 mharc grádaithe an ceann | 2 mharc grádaithe an ceann |
| Cur i láthair ginearálta: | 4 mharc grádaithe | 4 mharc grádaithe |

- Glactar le pirimid daonra / barra-chairt / histeagram / píchairt / dronuilleog roinnte etc.
- Ní mór dhá phíchairt a chur i láthair le lánmharcanna a ghnóthú
- Ní leor cineál na cairte a ainmniú leis na marcanna don teideal a ghnóthú
- Treoghraf - Tugtar creidiúint as an Teideal, Grafpháipéar a úsáid agus Scála ar an ais amháin.

## B. TEOIRIC AN LÁRIONAID




*wolf.readinglitho.co.uk*

Scrúdaigh an léaráid seo, a bhaineann le Teoiric Lárionaid Christaller. Mínigh cad a thuigeann tú leis an Teoiric seo.

**[30m]**

Scrúdú ar Theoiric an Lárionaid: 15 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as samplaí mar chuid den phlé suas le huasteorainn 2 x PSÁ.

## C. TODHCHAÍ UIRBEACH

Scrúdaigh **dhá** cheann de na príomhfhadhbanna a chruthaíonn an luas leanúnach ar fhás uirbeach i réigiún a bhfuil staidéar déanta agat air.

[30m]

| | |
|---|---|
| Dhá fhadhb shonraithe: | 2 mharc + 2 mharc |
| Réigiún / Mórionad Uirbeach ainmnithe: | 2 mharc |
| Scrúdú: | 12 x PSÁ (6 x PSÁ in aghaidh na faidhbe) |

- Scrúdú nach bhfuil ceangailte le mórionad uirbeach ainmnithe – uasteorainn 6 x PSÁ.
- Is féidir réigiún / mórionad uirbeach as aon áit ar domhan a úsáid.
- Glactar le léirthuiscint leathan ar mhórionad uirbeach.
- Ní mór an dá fhadhb a bheith ceangailte leis an réigiún amháin.

## ROINN 3 - ROGHANNA

**Freagair ceist AMHÁIN**

***N.B.*** *Is fearr* ***trí*** *ghné nó* ***ceithre*** *ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.*

## Idirspleáchas Domhanda

**13.** Scrúdaigh an tionchar a oibríonn córais trádála dhomhanda ar réigiúin tháirgthe **agus** thomhaltais **araon**.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 (27 + 27 + 26) | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné shonraithe: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Scrúdú: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas ginearálta | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear (2:1/1:2/2:2)
- Ceadaítear creidiúint as suas le dhá shampla ó na PSÁ (samplaí éagsúla & i ngnéithe éagsúla)

**14.** Scrúdaigh **dhá** cheann de na saincheisteanna móra a eascraíonn as an díospóireacht maidir le cúnamh idirnáisiúnta.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 (27 + 27 + 26) | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné shonraithe: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Scrúdú: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas ginearálta | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear (2:1/1:2/2:2)
- Ceadaítear creidiúint as suas le dhá shampla ó na PSÁ (samplaí éagsúla & i ngnéithe éagsúla)

**15.** Déan scrúdú ar thábhacht **dhá** cheann de na saincheisteanna timpeallachta seo a leanas i gcomhthéacs domhanda:

- fairsingiú fásaigh
- téamh domhanda
- díchoilltiú

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 (27 + 27 + 26) | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné shonraithe: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Scrúdú: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas ginearálta | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear (2:1/1:2/2:2)
- Ceadaítear creidiúint as suas le dhá shampla ó na PSÁ (samplaí éagsúla & i ngnéithe éagsúla)

## Geo-éiceolaíocht

**16.** Déan scrúdú ar dhá bhealach inar athraigh gníomhaíochtaí daonna gnéithe nádúrtha bithóim a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 (27 + 27 + 26) | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné shonraithe: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Scrúdú: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas ginearálta | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear (2:1/1:2/2:2)
- Ceadaítear creidiúint as suas le dhá shampla ó na PSÁ (samplaí éagsúla & i ngnéithe éagsúla)
- Ceadaítear 1 x PSÁ as bithóim a ainmniú (aon uair amháin)

**17.** Scrúdaigh **dhá** cheann de na próisis nádúrtha a oibríonn tionchar ar mhúnlú ithreach.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 (27 + 27 + 26) | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné shonraithe: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Scrúdú: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas ginearálta | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear (2:1/1:2/2:2)
- Ceadaítear creidiúint as suas le dhá shampla ó na PSÁ (samplaí éagsúla & i ngnéithe éagsúla)

**18.** Déan cur síos agus tabhair míniú ar phríomhthréithe bithóim **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 (27 + 27 + 26) | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné shonraithe: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Scrúdú: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas ginearálta | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Ceadaítear creidiúint as suas le dhá shampla ó na PSÁ (samplaí éagsúla & i ngnéithe éagsúla)
- Ceadaítear 1 x PSÁ as bithóim a ainmniú (aon uair amháin)
- Níl ainmniú an bhithóim inghlactha mar ghné shonraithe

## Cultúr agus Féiniúlacht

**19.** Scrúdaigh an tábhacht a bhaineann le teanga nó reiligiún mar tháscaire cultúrtha.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 (27 + 27 + 26) | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné shonraithe: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Scrúdú: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas ginearálta | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Ceadaítear creidiúint as suas le dhá shampla ón PSÁ (samplaí éagsúla & i ngnéithe éagsúla)

**20.** Agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu, déan scrúdú ar éifeachtacht choibhneasta teorainneacha atá bunaithe ar ghnéithe den tírdhreach fisiceach **agus** ar chinntí polaitiúla **araon**.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 (27 + 27 + 26) | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné shonraithe: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Scrúdú: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas ginearálta | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear (2:1/1:2/2:2)
- Ceadaítear creidiúint as suas le dhá shampla ó na PSÁ (samplaí éagsúla & i ngnéithe éagsúla)

**21.** Déan scrúdú ar **dhá** cheann de na dúshláin a chruthaíonn imirce idirnáisiúnta.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 (27 + 27 + 26) | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné shonraithe: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Scrúdú: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas ginearálta | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear (2:1/1:2/2:2)
- Ceadaítear creidiúint as suas le dhá shampla ó na PSÁ (samplaí éagsúla & i ngnéithe éagsúla)

## An Timpeallacht Atmaisféir-Aigéin

**22.** Déan cur síos agus tabhair míniú ar fhoirmiú lagracha meán-domhanleithid agus frithchioclóin agus na patrúin aimsire a ghabhann leo.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 (27 + 27 + 26) | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné shonraithe: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Scrúdú: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas ginearálta | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear (2:1/1:2/2:2)
- Ceadaítear creidiúint as suas le dhá shampla ó na PSÁ (samplaí éagsúla & i ngnéithe éagsúla)

**23.** Déan iniúchadh ar argóint **amháin** ar son agus ar argóint **amháin** in aghaidh na tuairime go bhfuil mórathrú aeráide domhanda ar siúl faoi láthair.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 (27 + 27 + 26) | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné shonraithe: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Scrúdú: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas ginearálta | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear (2:1/1:2/2:2)
- Ceadaítear creidiúint as suas le dhá shampla ó na PSÁ (samplaí éagsúla & i ngnéithe éagsúla)

**24.** Déan mionscrúdú agus tabhair míniú ar an idirghníomhaíocht idir atmaisféar agus aigéin an domhain.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 (27 + 27 + 26) | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné shonraithe: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Scrúdú: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas ginearálta | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Ceadaítear creidiúint as suas le dhá shampla ó na PSÁ (samplaí éagsúla & i ngnéithe éagsúla)

## INIÚCHADH TÍREOLAÍOCHTA

1 **RÉAMHRÁ** (5 mharc):

| | |
|---|---|
| 4 x PSÁ: | marc amháin an ceann |
| Comhleanúnachas ginearálta: | marc amháin grádaithe |

2 **PLEANÁIL** (5 mharc):

| | |
|---|---|
| 4 x PSÁ: | marc amháin an ceann |
| Comhleanúnachas ginearálta: | marc amháin grádaithe |

3 **BAILIÚ SONRAÍ** (40 marc):

Dhá mhodh bailithe @ 20 marc an ceann.

| | |
|---|---|
| I leith gach modha: | 9 x PSÁ @ 2 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas ginearálta: | 4 mharc grádaithe |

- Glactar le dhá mhodh éagsúla tomhais
- Is féidir creidiúint a thabhairt as léaráidí / sracléaráidí má bhaineann siad le hábhar an bhailithe
- Ná tugtar marcanna as torthaí sa roinn seo

4 **TORTHAÍ, CONCLÚIDÍ, LUACHÁIL** (30 marc):

Trí cheannteideal @ 8 marc an ceann.

| | |
|---|---|
| I leith gach ceannteidil: | 4 x PSÁ @ 2 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas ginearálta: | 6 mharc grádaithe |

- Bunaítear conclúidí go díreach nó go hindíreach ar na torthaí; luacháil atá ann sa chás nach ndéantar
- Is féidir luacháil a dhéanamh i leith a bhfuil i ndán chomh maith leis an am atá caite

5 **EAGRÚ AGUS CUR I LÁTHAIR TORTHAÍ** (20 marc):

| | |
|---|---|
| Cur i láthair: | 8 x PSÁ @ 2 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas ginearálta: | 4 mharc grádaithe. |

- Ní mór cur i láthair i dhá fhoirm ghrafacha ar leith – mar shampla graif / cairteanna / léarscáileanna / táblaí / sracléaráidí etc
- An cur i láthair le déanamh ar na leathanaigh grafpháipéir cuí
- Uasteorainn 4 x PSÁ in aghaidh na cairte